PLEAN CEACHTA 3: AG TUAR & AG PLEANÁIL

ACMHAINNÍ AR FÁIL: PowerPoint, Bileog Oibre 3, 4, 5

AM RANGA: 50-55 nóim | Dáta:

Ábhar: SESE | Sraith: | Rang

Scileanna Eolaíochta: Tuar, Pleanáil

Cuspóirí Foghlama	Gníomhaíochtaí Foghlama	Acmhainní
Faigh amach faoin bplean gníomhaíochta atá beartaithe	**Plean Imlíneach a chur i láthair (5-10 nóim)** Agus scrúdú déanta agat ar mholtaí uile na leanaí (agus cúpla smaoineamh de do chuid féin) ba cheart go mbeifeá in ann **plean imlíne a chur i láthair an ranga.**	
Foghlaim le tuar a dhéanamh Foghlaim faoin mbunús atá le tuar a chur in iúl	**Tuar (15 nóim)** Tabhair dúshlán don rang **tuar a dhéanamh.** Cad a cheapann siad a d'fhéadfadh a bheith mar fhreagra ar an gceist? Tá sé tábhachtach freisin a iarraidh orthu smaoineamh **CÉN FÁTH** a gceapann siad é sin. Spreag iad lena dtuiscint / smaointe ar an ábhar atá á fhiosrú agat a chur in iúl. Déan taifeadadh ar a gcuid tuartha ar Bhileog Oibre 3. Roghanna: Déan an t-ábhar a phlé mar rang iomlán, ag iarraidh ar gach gasúr aonair a thuar féin a thaifeadadh NÓ téigh ar ais go dtí an obair ghrúpa agus iarr orthu tuar a aontú don ghrúpa agus míniú **CÉN FÁTH.** Beidh sé suimiúil éisteacht leis na díospóireachtaí! **Ní gá duit a gcuid tuartha a stiúradh chun bheith "ceart". Is é an chuid is luachmhaire den chleachtadh seo a gcuid smaointe féin a chur i bhfeidhm.**	Sleamhnán 5 PowerPoint Bileog Oibre 3  Céim 3
Foghlaim faoin luach a bhaineann le smaointe-oireacht chomhoibríoch	**Tuilleadh plé & forbairt (30 nóim)** **Maidir le pleananna a bhfuil baint acu le turgnamh:** Tá a lán turgnaimh leagtha amach chun roinnt fachtóirí a chur i gcomparáid lena chéile, nó chun a fháil amach an é fachtóir ar leith is cúis le rud éigin. Má thagann do thurgnaimh faoi na catagóirí seo ní mór duit an tábhacht a bhaineann le "TÁSTÁIL CHOTHROM" ó thaobh do thurgnamh a phlé (féach na nótaí ag deireadh na bpleananna ceachta). Bíodh a fhios agat nach mbeidh "tástálacha cothroma" mar thoradh ar gach imscrúdú turgnamhach (m.sh. Má tá tomhais á ndéanamh agat ar iompar an fhiadhúlra sa cheantar). B'fhéidir go mbeadh ort an rang a eagrú chun ábhair a bhailiú le haghaidh turgnamh agus b'fhéidir go mbeadh sé ciallmhar tástáil a dhéanamh ar an turgnamh sula ndéanann an rang sonraí a thaifeadadh. **Maidir le pleananna a bhfuil baint acu le suirbhé:** Anois an t-am don rang plé a dhéanamh ar na ceisteanna ba chóir a chur. An ndéanfaidh siad taifeadadh ar fhreagraí oscailte nó ilroghnacha? (Tá sé níos deacra sonraí a bhailiú ar cheisteanna oscailte). Cé air a chuirfear na ceisteanna? Déan iarracht meastachán a dhéanamh ar an líon suirbhéanna a d'fhéadfaí a dhéanamh go réalaíoch. Cuir in iúl dóibh dá mhéid suirbhéanna is ea is fearr an t-imscrúdú. **Níor mhaith le BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL go mbeadh samhlaíocht do chuid daltaí ag díriú ar** thurgnaimh ná suirbhéanna simplí amháin ... Ná bíodh drogall ort dul i dtreo eile agus imscrúdú a dhéanamh cibé áit a dtabharfaidh a bhfiosracht iad!	Bileog Oibre 4  Bileog Oibre 5 Céim 2
	Ag ullmhú don chéad cheacht eile: Bailigh na hábhair ar fad d'aon obair thógála nó thurgnamhach.	